

Scéalta Nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí mhír nuachta. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

Iar-Phríomh-Aire
cúisithe
faillí
curtha ina leith
géarchéim eacnamaíochta
beartas cosanta airgeadais
géarleanúint pholaitiúil
gníomhaíocht thionsclaíoch
comhaontú náisiúnta
leac an dorais

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad atá curtha i leith Geir Haarde?
2. An bhfuil aon cheannaire domhanda cúisithe mar sin go dtí seo?
3. Cad a deir iar-Phríomh-Aire na hÍoslainne faoi na cúisimh?
4. Cén fáth a bhfuil fostaithe Bhord na Móna ag tabhairt faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch?
5. Tá na fostaithe ag iarraidh aird an chomhlachta a dhíriú ar rud éigin. Cad é?
6. Cén fáth a bhfuil Muine Gall sa nuacht arís?

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís. An féidir leat píosa amháin eolais a thabhairt faoi na daoine seo ón mhír:

Geir Haarde
Fostaithe Bhord na Móna
Barack Obama

Ceist 4 'i bhfaillí' agus i 'mbliana'

- (1) Cén ghné den ghramadach atá sna samplaí a bhfuil línte fúthu thuas?
- (2) An féidir leat samplaí eile a thabhairt nuair a bhíonn an ghné sin i bhfeidhm?

(3) Cad é an difríocht idir 'i' agus 'sa'? Mar shampla – *i mBaile Átha Cliath* ach *sa chathair!* Cuir Gaeilge ar na leaganacha seo:

in Cork, in the house, in Spain, in the car, in a boat, in someone's garage

(4) Anois, cad faoi 'in' agus 'san'? Cuir Gaeilge ar na leaganacha seo:

in Scotland, in that place, in the water, in water, in a place

Ceist 5

Cuir na nathanna seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

theip orm, rinne sí faillí i, ag tabhairt faoi, i mbliana

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Iar-Phríomh-Aire – *Former Prime Minister*

cúisithe – *accused*

faillí – *neglect*

curtha ina leith - *charged with*

géarchéim eacnamaíochta – *economic crisis*

beartas cosanta airgeadais – *financial protection policy*

géarleanúint pholaitiúil – *political persecution*

gníomhaíocht thionsclaíoch – *industrial action*

comhaontú náisiúnta – *national agreement*

leac an dorais – *door step*

Ceist 2

1. Deirtear go ndearna sé faillí ina chuid dualgas le linn na géarchéime eacnamaíochta ina thír sa bhliain 2008 agus nár chuir sé dóthain beartas cosanta airgeadais i bhfeidhm le linn a ré.
2. Níor cúisíodh aon cheannaire domhanda as neamart a dhéanamh i gcúrsaí eacnamaíochta go dtí seo.
3. Deir sé nach bhfuil iontu ach géarleanúint pholaitiúil.
4. Tá siad ag iarraidh ardú pá agus maíonn siad go bhfuil 3.5% d'ardú pá ag dul dóibh.
5. Ba mhaith leo aird an chomhlachta a dhíriú ar an chomhaontú náisiúnta a rinneadh i 2008.
6. Tugadh cuireadh do cheathrar ó Mhuine Gall freastal ar chóisir sa Teach Bán Lá Fhéile Pádraig.

Ceist 3

Geir Haarde – D'fhéadfadh go ngearrfar dhá bhliain príosúnachta air.

Fostaithe Bhord na Móna – Bhí dhá mhíle acu ag glacadh páirte sa ghníomhaíocht thionsclaíoch.

Barack Obama – Is as baile Mhuine Gall sinsir Barack Obama.

Ceist 4

(1) Is é an t-urú atá i gceist.

(2) Baintear úsáid as urú sna cásanna seo a leanas:

- Bíonn urú ar an bhriathar tar éis 'An' agus 'go'.
- Tagann urú tar éis 'i' i gcónaí.
- Bíonn urú i gceist leis na hialraí den aidiacht shealbhach – ár gcótaí / bhur gcótaí / a gcótaí.
- Bíonn urú ar an ainmfhocal sa tuiséal ginideach, uimhir iolra – teach na gcearc.
- Cuirtear urú ar an ainmfhocal sa tuiséal tabharthach (i gcanúint Chonnachta agus i gcanúint na Mumhan) – ar an mbád.

(3) 'i' = **in** nó **in a** i mBéarla, mar shampla: **in Dublin**.

'sa' = **in the** i mBéarla, mar shampla: **in the city**.

I gCorcaigh, sa teach, sa Spáinn, sa ghluaisteán, i mbád, i ngaráiste duine

(4) Is ionann na rialacha a bhaineann le 'in' agus 'san' agus na rialacha thuas, ach amháin go gcuirtear 'n' leo roimh ghuta.

In Albain, san áit sin, san uisce, in uisce, in áit

Ceist 5

Theip orm – I failed

Rinne sí faillí i – she neglected

Ag tabhairt faoi – undertake

I mbliana – this year

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

San Íoslainn cuireadh tús le triail iar-Phríomh-Aire na tíre atá cúisithe i bhfaillí a dhéanamh ina chuid dualgas le linn na géarchéime eacnamaíochta ansin in 2008. Is é Geir Haarde an chéad cheannaire domhanda atá cúisithe i gcoireanna den chineál seo. Tá sé curtha ina leith gur theip air dóthain beartas cosanta airgeadais a chur i bhfeidhm agus dá bharr gur theip ar thrí cinn de phríomhbhainc¹ na tíre. Tá na cúiseanna ar fad séanta ag an iar-Phríomh-Aire, a deir nach bhfuil sna cúiseanna ach géarleanúint pholaitiúil². D'fhéadfadh dhá bhliain príosúnachta a ghabháil air.

Scéal 2

Vótáil fostaithe i mBord na Móna tráthnóna tabhairt faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch³ faoi ardú pá. Tá beagnach dhá mhíle fostaí de chuid Bhord na Móna i gceist. Deir na fostaithe go bhfuil ardú pá trí go leith faoin gcéad ag dul dóibh agus go bhfuil siad ag iarraidh ar an gcomhlacht aird a thabhairt ar chomhaontú náisiúnta a deineadh⁴ in 2008.

Scéal 3

Tá ócáid mhór na féile Pádraig ar leac an dorais againn agus i mbliana tá cuireadh tugtha do cheathrar as Muine Gall i gContae Uíbh Fhailí freastal ar chóisir mhór sa Teach Bán i Washington. Is as baile beag Mhuine Gall de shinsir Uachtarán Mheiriceá, Barack Obama.

¹príomhbhancanna a deirtear

²géarleanúint polaitiúil a deirtear

³tionsclaíoch a deirtear

⁴rinneadh an leagan caighdeánach. Is leagan canúnach é *deineadh*.